RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/487 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Márta 2022

lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht le haghaidh ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin ("Raschera" (STFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]) agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun na chéad fhomhíre de mhír 1 d'Airteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na hIodáile ar leasuithe a fhormheas ar shonraíocht an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint "Raschera" atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1263/96 ([2]) ón gCoimisiún, faoi mar a leasaíodh é le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1086/2013 ([3]).

(2) Ós rud é gur leasú nach mion é an leasú atá i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([4]) faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin.

(3) Fuair an Coimisiún litir an 19 Feabhra 2021 lenar cuireadh i gcoinne fhormheas an leasaithe ó dhuine nádúrtha a bhfuil cónaí air san Iodáil. Chuir an duine nádúrtha céanna an dara litir ansin an 8 Samhain 2021 ina raibh eilimintí breise i gcoinne an leasaithe.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 51(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil leas dlisteanach acu, a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe sa Bhallstát ónar cuireadh isteach an t-iarratas, eisiatar iad ón nós imeachta freasúra toisc go raibh an deis acu roimhe sin a bheith rannpháirteach sa nós imeachta náisiúnta freasúra i gcomhréir le hAirteagal 49(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Dá réir sin, maidir leis na litreacha freasúra ón duine nádúrtha a bhfuil cónaí air san Iodáil, meastar iad a bheith doghlactha.

(5) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún gur cheart na leasuithe ar shonraíocht an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint "Raschera" a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm "Raschera" (STFC) formheasta anois.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1263/96 ón gCoimisiún an 1 Iúil 1996, lena bhforlíontar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 maidir le tásca geografacha agus sonrúcháin tionscnaimh a chlárú faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 ón gComhairle (IO L 163, 2.7.1996, lch. 19).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1086/2013 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2013 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht le haghaidh ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Raschera (STFC)] (IO L 293 5.11.2013, lch. 26)

([4]) IO C 439, 29.10.2021, lch. 19.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún